



## Cén áit a bhfaighinn breis eolais?

- [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) – Is é seo suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar a bhfaighidh tú na príomhdhoiciméid amhail an leagan Gaeilge den tsonraíocht agus na Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, chomh maith le samplaí de shaothar scoláirí agus liostaí téacsanna do gach cohórt scoláirí
- [www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie) - Faightear anseo Uirlisí Úsáide an Mheasúnaithe a ceapadh chun tacú agus cabhrú le múinteoirí ina gcuid oibre ar mheasúnú sa tSraith Shóisearach
- [www.jct.ie](http://www.jct.ie) – Is é seo suíomh gréasáin sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Is í an aidhm atá ag an SSM tacú le scoileanna chun an Creat don tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach d’ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, agus trí acmhainní éifeachtacha foghlama agus teagaisc a sholáthar.
- Laistigh de do roinn ábhair féin i do scoil féin. Cothaítear comhoibriú le comhghleacaithe teagaisc trí chruinnithe AFMÁ agus trí leithdháiltí nó rannta am gairmiúil

Tá foireann de chomhairleoirí lánaimseartha ag SSM ar féidir teagmháil a dhéanamh leo ag:

[info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)

Lean sinn ar twitter @JCforTeachers @JCTGeography

## Turas Foghlama - Tíreolaíocht

### 1ú Bliain

A bheith ag plé le torthaí foghlama laistigh de na snáitheanna trí bhíthin na ngnéithe.  
Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim

### 2ú Bliain

A bheith ag plé le torthaí foghlama laistigh de na snáitheanna trí bhíthin na ngnéithe.  
Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim  
*Measúnú Rangbhunaithe 1 – Tíreolaíocht sa nuacht*  
Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

### 3ú Bliain

A bheith ag plé le torthaí foghlama laistigh de na snáitheanna trí bhíthin na ngnéithe.  
Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim  
*Measúnú Rangbhunaithe 2 – Mo Thíreolaíocht*  
Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) Scrúdú Deiridh

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers

An tSraith  
Shóisearach  
- Eolas ar an  
Tíreolaíocht



## Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí

Cuireann an staidéar ar thíreolaíocht na sraithe sóisearaí ar chumas an scoláire a bheith eolach ar an tíreolaíocht. Cothaíonn sé eolas, scileanna, luachanna agus iompar a ligeann don scoláire fiosrú a dhéanamh ar an domhan fisiceach, ar ghníomhaíochtaí an duine agus ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan.

Spreagann sé fiosracht, ag cruthú deiseanna don scoláire léamh agus cumarsáid a dhéanamh faoina dtimpeallacht láithreach agus faoin domhan mór, agus na torthaí a anailísiú agus a thiomsú.

## Torthaí Foghlama

Déantar cur síos i dtorthaí foghlama ar an bhfoghlaim atá ann do scoláirí i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí. Is ráitis iad sin a chuireann síos ar an eolas agus an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ar chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú tar éis trí bliana den tSraith Shóisearach. Tá 28 toradh foghlama le fáil síos trí na trí snáitheanna agus roghnaíonn múinteoirí torthaí foghlama ó na snáitheanna sa chéad, dara agus tríú bliain.

## Struchtúr na sonraíochta i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí



## Feasacht tíreolaíochta

Cuireann coincheap na feasachta tíreolaíochta bonn eolais faoin tsonraíocht. Baineann sé sin le cumas an scoláire tuiscint dhomhain a fháil trí smaointeoireacht agus réasúnaíocht tíreolaíochta. Is iad na trí 'í' na codanna is tábhachtaí den fheasacht tíreolaíochta

- idirghníomhaíochtaí
- idirnaisc
- impleachtaí.

## Snáitheanna

Leagtar trí shnáithe idirnasctha amach sa tsonraíocht.

- An domhan fisiceach a fhiosrú
- An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú
- Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

## Gnéithe

Cuireann na gnéithe seo an dóigh a dtiocfaidh an scoláire isteach ar na torthaí foghlama sna snáitheanna in iúl. Tabharfaidh an scoláire aghaidh ar na torthaí foghlama trí gach ceann de na gnéithe.

- Próisis, patrúin, córais agus scála
- Scileanna tíreolaíochta
- Inbhuanaitheacht.

## Measúnú agus an Turas Foghlama

### Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an tíreolaíocht le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: Tíreolaíocht sa nuacht; agus Mo thíreolaíocht. Lena chois sin, beidh Tasc Measúnaithe scríofa i gceist leis an dara Measúnú Rangbhunaithe i dteannta scrúdú deiridh, a ullmhóidh agus a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Measúnú Rangbhunaithe

Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht

- Fiosrúchán struchtúrtha trí fhreagairt ar theagmha(i)s tíreolaíochta a bhí ann ar na mallaibh
- Ag deireadh tréimhse thrí seachtaine tabharfaidh scoláirí tuairisc ar a bhfiosrúchán
- Is féidir tuairiscí a chur i láthair i réimse leathan formáidí
- Lena chur i gcrích sa dara téarma den dara bliain

Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht

- Fiosrúchán struchtúrtha ar ghné (ithe) tíreolaíochta i gceantar áitiúil
- Déanfaidh an scoláire, thar thrí seachtaine, iniúchadh ar ghné tíreolaíochta i gceantar áitiúil
- Lena chur i gcrích sa chéad téarma den tríú bliain

Tar éis gach MRB a chríochnú, beidh Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) ann a thabharfaidh an deis do mhúinteoirí samplaí den mheasúnú a rinne siad ar shaothar scoláirí a roinnt agus teacht ar chomhthuiscint faoi chaighdeán foghlama na scoláirí

### An Tasc Measúnaithe

Nuair a bheidh an dara Measúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích aige, tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe.

Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a cheartóidh an tasc seo ar a dtabharfar 10% de na marcanna a úsáidfear chun an grád a shocrú a bhronnfaidh an CSS don scrúdú deiridh.

### An Scrúdú Deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comóna, a shocróidh agus a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní mhairfidh an scrúdú níos faide ná dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl i mí an Mheithimh sa tríú bliain.